

## Is ait an mac an saol

Is maith is cuimhin liom an chéad lá riamh a chonaic mé an Bhruiséil. Ba san idirbhliain a bhí mé agus gan ach na sé bliana déag slánaithe go fóill agam. An bhliain díreach roimhe sin, in 2007, is ea a tugadh stádas oifigiúil don Ghaeilge mar theanga Eorpach agus b'fhada liom go bhfeicfinn a thionchar sin ar na hinstiúidí Eorpacha.

Aimsir mheirbh a bhí ann an lá a tháingamar isteach sa Bhruiséil. Dúradh linn go raibh cead againn beagán turasóireachta a dhéanamh inár n-aonar ar feadh tamaill agus mar sin, chuaigh mé féin agus triúr de mo chuid cairde ag spaisteoireacht go fánach le chéile. Thaitin an chathair liom láithreach bonn. B'fhurasta mé féin a shamhlú ag obair inti, ag Franciseoireacht liom le muintir na háite agus ag éisteacht le teangacha éagsúla na mór-roinne. Is aoibhinn an bheatha a bheadh ann!

Bhí turas eagraithe dúinn i bParlaimint na hEorpa an tráthnóna sin. Bhí treoraí ag fanacht linn agus thug sé suaitheantas an duine dúinn uile le caitheamh. Thaispeáin sé na bothanna ateangaireachta dúinn luath go leor ar an turas agus a luaithe a fuair mé mo chéadradharc ar bhoth ateangaireachta a raibh “GA” ar a barr, ní chreidfeá mar a d'ardaigh sé mo chroí! Bhí mé chomh sásta le píobaire! Rinne mé iarracht ansin éalú ón ngrúpa cúpla uair i nganfhiós do na múinteoirí mar bhí mé meáite ar dhuine nó beirt d'Fheisirí na hÉireann a aimsiú chun cúpla ceist a chur orthu ach rugadh orm gach uair... Níor stop mo chuid cairde de bheith ag magadh fúm an lá dar gcionn! Bíodh is go raibh mé fós i mo dhéagóir an t-am sin, ní raibh fúm ná tharam ach post maith a bhaint amach dom féin mar aistritheoir nó ateangaire ar an mór-roinn tar éis dom lán mo chuid súl a bhaint as príomhchathair na Beilge an lá úd. Chuir mé romham an Fhraincis a fhoghlaim, chuir mé cluas mhaith orm féin sna ranganna teanga ar scoil agus rinne mé cúrsa aistriúcháin ar an Ollscoil i ndiaidh na hArdeiste.

Ní mó ná sásta a bhí mo mháthair bhocht nuair a bhí orm a rá léi go raibh mé chun glacadh le post mar aistritheoir sa Bhruiséil! Baineadh siar aisti mar cheap sí nach mbeinn sásta riamh a bheith ag saothrú mo bheatha ar an gcoigríoch. Tagann sí chugam uair sa mhí ar a laghad anois, áfach, agus is breá léi féin an sos a fháil ó ghnáthchúrsaí an tsaoil sa bhaile, nó sin a deir sí liom ar chuma ar bith. Cá bhfiós nach gcasfaí sa Bhruiséil orm thusa go luath? Crom ar an obair anois agus ní bheadh a fhios agat cén toradh a bheadh ar do chuid oibre... B'fhéidir go mbeifeá in ann do chion féin a dhéanamh ar son na hEorpa amach anseo!